TAILTE FEIRME & TAILTE FÉARAIGH

Fásann lusanna fiáine go flúirseach i measc na bhféara arda; bíonn na beacha ag déanamh crónáin san aer cumhra te. Tá fonn na fuiseoige le cloisteáil béal dorais - os cionn an fhéaraigh fhíor-ghlas agus dea-leasaithe. Is samplaí iad seo de thailte féaraigh nó móinéar na hÉireann. Cuimsíonn talamh féaraigh an mhósáic sin de pháirceanna, chiumhaiseanna páirce, sruthán, fhálta, locháin, chúinní fliucha, phaistí de choillearnach agus sheanfhoirgnimh feirme - bailte do scréachóga reilige agus fáinleoga - atá mar bhunús don

chuid is mó de thírdhreach na hÉireann. Ann féin, is gnáthóg fíor-thábhachtach é talamh féaraigh d'fhiadhúlra na hÉireann agus éagsúlacht speiceas.

Faoi choinníollacha aeráide reatha atá fionnuar agus fliuch, tá féar fíor-oiriúnach d'Éirinn. Is é an planda is coitianta ar fad atá againn, le 65-70 faoin gcéad den tír clúdaithe ag talamh féaraigh de chineál áirithe. Soláthraíonn an talamh seo bunús don tionscal déiríochta agus feola ónar cruthaíodh ár saibhreas talmhaíochta. Is tailte féaraigh fiáine agus limistéir chonláiste agus áineasa atá sa chuid eile de, cosúil le cúrsaí gailf, páirceanna imeartha, páirceanna agus gairdíní.

Is toisc thábhachtach í an cineál ithreach a chinneann an cineál gnáthóige atá i talamh féaraigh. Is féidir le leibhéil difriúla pH san ithir - neodrach, aigéadach nó alcaileach - gnáthóga difriúla a léiriú.

Is minic a bhíonn tailte féaraigh atá neodrach ar thalamh íseal, le hithreacha doimhne atá saibhir i gcothaithigh. Bíonn éagsúlacht mhór i gceist ag brath ar an mbealach a dhéantar iad a bhainistiú, agus cinneann sé seo luach fiadhúlra na gnáthóige. Samplaí de thailte féaraigh atá neodrach ná calaí agus turlaigh. Is ísealchríocha in aice le habhainn iad calaí, agus tugtar insí orthu chomh maith. Ciallaíonn turlaigh 'lochanna tirime', a tharlaíonn de bharr tuile shéasúrach. Bíonn mórán beatha phlandúil ar leith ann - an lus síoda agus an tsailchuach uisce uathúil ina measc.

Is iondúil go bhfaightear tailte féaraigh aigéadacha sna hardtailte. Tacaíonn an ithir aigéadach le raon leathan speicis plandaí cosúil le féara feorainne. Ceann de na tailte féaraigh aigéadacha is fearr aithne ná an Currach i gCo. Chill Dara.

Is iondúil go mbíonn tailte féaraigh alcaileacha suite ar aolchloch. Samplaí de thailte féaraigh alcaileacha ná móinéir eascracha, móinéir aolchloiche thirime agus machairí. Meabhraíonn móinéir eascracha dúinn go raibh Éirinn i lár na hoighearaoise tráth dá raibh. Cuimsíonn na tírdhreacha speicis-shaibhre ársa seo cnoic a bhreathnaíonn cosúil le péist agus a chasann trasna an tír-raoin. Feictear móinéir aolchloiche thirime sa Bhoirinn i gCo an Chláir agus sna hOileáin Árann. Tá mórán speicis plandaí uathúla ann - cosúil leis an méaracán gorm agus an crobh éin. Machairí a thugtar ar thailte féaraigh taobh thiar de dhumhcha atá ag fás cois cósta. Tagann an focal ón nGaeilge 'magh' nó 'machaire', a chiallaíonn páirc atá leibhéal nó mín.

BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Ar an drochuair d'fhiadhúlra agus bithéagsúlacht, tá gluaiseacht le 30 bliain anuas i mbainistíocht na tailte féaraigh, ó mhodhanna traidisiúnta bainte an fhéir chuig dianchóras táirgthe. Tá méadú tagtha ar bhagairtí do ghnáthóga na tailte féaraigh i gcomhréir leis an mbrú atá ar thalamh feirme agus féaraigh na hÉireann breis táirgeachta a bhaint amach. Dá réir sin, tá breis leasacháin díobhálacha, luibhicidí agus lotnaidicídí, agus modhanna 'feabhsaithe' bainistíochta ar thalamh féaraigh in úsáid. Bhí tionchar mór ag na hathruithe seo ar fhiadhúlra na hÉireann agus ar an tuath.

Tá páirceanna níos mó de dhíth toisc méadú ar innealra trom agus scoitheadh na bhfálta sceach dá bharr. Tá laghdú tagtha ar an bhflóra agus ar an bhfána áitiúil toisc leasacháin neamhorgánacha agus fiailnimheanna ceimiceacha. Samplaí faoi leith ná an titim ghéar ar dhaonra an fhabhcúin ghoirm sna 1980aidí - mar iarmhairt dhíreach ag úsáid mhéadaithe an lotnaidicíd DDT.

I measc na saincheisteanna eile roimh thailte féaraigh agus feirme na hÉireann tá draenáil agus mintiriú, a laghdaíonn ceantair bhogach, diúscairt mhíchuí na dramhaíola feirme; ró-innilt agus loscadh talún neamhrialaithe.

CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Is amhlaidh gur féidir linn aireachtáil go bhfuil na bagairtí roimh thailte féaraigh agus feirme na tíre ollmhór ar fad, ach tá mórán gur féidir linn a dhéanamh chun cuidiú le cúrsaí. Lig dod' ghairdín fás beagán fiáin! Roghnaigh gairdín le lusanna fiáine nach bhfuil gá le mórán cothabhála. Déan síolta a aimsíodh go háitiúil a phlandáil. Coinnigh beathú faiche ag leibhéal íosmhéide agus ná húsáid luibhicidí.

Is féidir le daoine a bpíosa talaimh féaraigh féin a chruthú nó seantalamh féaraigh suaite a athshlánú. Cur chuige maith ná plean bainistíochta a ghlacadh do cheapach thalún, le córais lomtha cúramacha, athbhunaithe speiceas agus tréimhsí neamhshuaite.

Is féidir le feirmeoirí a bheith lárnach i ngnáthóga na tailte féaraigh a chothabháil trí chloí le dea-chleachtais feirme, cosúil le limistéir na gnáthóige leath-nádúrtha a chaomhnú; úsáid lotnaidicídí a íoslaghdú nó a ghearradh amach; a bheith rannpháirteach agus cloí leis na Scéimeanna um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS).

TUILLEADH EOLAIS

- Irish Wildlife Trust: *www.iwt.ie*
- Teagasc: *www.teagasc.ie*
- The Heritage Council: *www.heritagecouncil.ie*
- Notice Nature: *www.noticenature.ie*
- National Parks and Wildlife Service: *www.npws.ie*
- Biology.ie: *www.biology.ie*